Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Inimirce, 2004 **(Uimh 1 de 2004)**	Léiríonn an dlí nua i reacht bunaidh na príomh-mhíreanna den dlí a rialaíonn teacht isteach agus láithreacht daoine nach náisiúnaigh iad sa Stát. Is é cur chuige an Achta ná a bhfuil i bhforálacha Orduithe na nEachtrannach arna ndéanamh faoi Acht na nEachtrannach 1935 amhail mar a bhí siad an 22 Eanáir 2004 a léiriú i reacht bunaidh leis an líon íosta athruithe agus forálacha breise a bhíonn riachtanach chun forálacha iontu féin a chruthú a bheidh i gcomhréir leis an gcleachtas reachtúil nua-aoiseach. Tá gá leis an Acht mar, ar an 22 Eanáir, scrios an Ard-Chúirt amach mar míbhunreachtúil alt 2 den Acht Inimirce 1999, a ceapadh a thug éifeacht reachtúil d'Oird na nEachtrannach amhail is go mba Achtanna Oireachtais iad. Is iad príomhghnéithe an Achta ná: • Forálacha a leagann amach i bprionsabal na himthosca nach mbíonn daoine nach náisiúnaigh iad sa Stát go dlíthiúil; • Ceanglais ar dhaoine nach náisiúnaigh iad dul i láthair oifigigh inimirce ar a theacht isteach sa Stát dóibh; • Critéir lenar féidir le hoifigeach inimirce cead a dhiúltú do dhuine nach náisiúnach é nó í teacht isteach sa Stát. • An ceanglas ar dhaoine nach náisiúnaigh iad clárú leis an nGarda Síochána;	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	13.02.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
	• Cláir óstáin a choimeád; • Cionta agus cumhachtaí gabhála agus cuardaigh; • Cumhachtaí lena chinneadh cé na daoine nach náisiúnaigh iad ba chóir a bheith faoi réir ag ceanglais víosa roimh theacht isteach sa Stát; • An chumhacht rialacháin a dhéanamh chun táillí a ghearradh ar eisiúint dhoiciméid áirithe dá bhforáiltear faoin Acht. Tá forálacha speisialta san Acht chun feidhmiú ag náisiúnaigh EEA agus a dteaghlaigh ar a gcearta Conartha de shaorghluaiseacht a chur san áireamh agus na forálacha speisialta maidir le teacht isteach sa Stát d'iarrthóirí tearmainn atá in Acht na nDídeanaithe 1996 a chur san áireamh.		
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú), 2004 **(Uimh. 2 de 2004)**	Is é cuspóir an Achta seo ná moltaí Thuarascáil an Choimisiúin Toghlach 2003 ar athruithe ar thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú agus chun éifeacht a thabhairt do chinntí ón gComhairle an 25 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le toghadh chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa.	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	27.2.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 **(Uimh. 3 de 2004)**	Is é cuspóir an Achta seo ná foráil a dhéanamh do réasúnú na nósanna imeachta do chlárú breitheanna, marbh-bhreitheanna agus básanna. Tugann an tAcht freagracht don Ard-Chláraitheoir as beartas foriomlán na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta, lena n-áirítear caighdeáin na seirbhíse a chothabháil, agus sannann freagracht as bainistiú, rialú agus riarachán na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta ag leibhéal áitiúil chuig na Boird Sláinte. Forálann an tAcht do shruthlíniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá cheana ann a rialaíonn clárú uchtálacha, agus cumasaíonn Cláir nua Colscartha agus Neamhnithe Sibhialta. Forálann an tAcht freisin do nósanna imeachta a rialaíonn clárú, sollúnú agus ionaid do phósadh.	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	27.02.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) (Leasú), 2004 **(Uimh. 4 de 2004)**	Is é príomhchuspóir an Achta seo ná feabhas a chur ar éifeachtacht na nósanna imeachta atá cheana ann chun déileáil le díospóidí i gcás nach ann do shocruithe caibidlíochta. Tugann sé cosc isteach freisin ar íospairt fostaithe, i gcomhthéacs díospóide, i gcás go n-agraítear an Cód Cleachtais ar Réiteach Díospóide go Deonach, nó i gcás go mbíonn céimeanna glactha chun an Cód a agairt. Neartaíonn an tAcht seo nósanna imeachta caidrimh phoiblí ar tugadh éifeacht dóibh tríd an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2001. Tacófar leis an Acht trí • Cód Cleachtais athbhreithnithe ar Réiteach Díospóide go Deonach • Cód Cleachtais ar Íospairt Chomh maith leis sin, forálann an tAcht do leasú ar an gCéad Sceideal den Acht Caidrimh Thionscail 1990. Is é an éifeacht atá ag an leasú seo go méadófar an leibhéal fíneálacha is féidir leis na Cúirteanna a ghearradh i gcás go sáraítear na Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe. Forálann an tAcht freisin do leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 - leasú teicniúil lena chur ar chumas fostaithe cuideachtaí dócmhainneacha iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneacha, ar íocaíocht teidil fógra reachtúil íosta, go díreach trí leachtaitheoir nó glacadóir, gan gá a bheith le dámhachtain a fháil ón mBinse Achomhairc Fostaíochta.	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.	9.3.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2004 **(Uimh. 5 de 2004)**	Is é príomhchuspóir an Achta seo ná foirm reachtúil a thabhairt do na méaduithe 5% ar na rátaí mótarchánach agus plátaí trádála (plátaí a bhíonn in úsáid ag mótarthrádálaithe ar fheithiclí, a bhíonn go sealadach faoina n-úinéireacht, in áit cáin a íoc ar na feithiclí sin) arna nglacadh amach do thréimhsí dar tús an 1 Eanáir, 2004 nó ina dhiaidh.	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.	10.3.04
An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004 **(Uimh. 6 de 2004)**	Is é príomhchuspóir an Achta seo ná an tAcht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 a leasú, chun foráil d'athachtú ailt áirithe d'Acht 2002, chun deis a thabhairt na hailt sin ag céim Bhille a chur in iúl don Choimisiún Eorpach chun Treoracha Caighdeáin Teicniúla/Trédhearcachta ón AE 98/34/EC agus 98/48/EC a chomhlíonadh, a éilíonn go gcuirfí bearta a bhaineann le trádáil in iúl ag céim Bhille. Tá Alt 47 d'Acht 2002 leasaithe chun forálacha áiteanna oibre saor ó thoit a chur san áireamh a thosóidh an 29 Márta 2004.	An Roinn Sláinte agus Leanaí	11.3.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 **(Uimh 7 de 2004)**	Is é príomhchuspóir an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 ná • an aois phinsin chaighdeánach sa tseirbhís phoiblí a ardú go dtí 65 bliana d'aois d'iontrálaithe nua • an aois phinsin chaighdeánach a ardú go dtí 65 bliana d'aois do chomhaltaí an Oireachtais agus do Shealbhóirí Oifige arna dtoghadh nó arna gceapadh an 1 Aibreán 2004, nó ina dhiaidh, • an aois phinsin a ardú go dtí 55 bliana d'aois d'iontrálaithe nua an Gharda Síochána agus na nOifigeach Príosúin • aois phinsin íosta de 50 a thabhairt isteach d'iontrálaithe nua sna hÓglaigh • deireadh a chur leis an haoiseanna éigeantacha scoir d'iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí (seachas na Gardaí, na hÓglaigh, Oifigigh Príosúin agus Lucht Dóiteáin) • an aois éigeantach scoir a ardú go dtí 60 d'iontrálaithe nua sna Gardaí	An Roinn Airgeadais	25.3.04
An tAcht Airgeadais, 2004 **(Uimh. 8 de 2004)**	Is é príomhchuspóir an Achta seo ná foirm reachtúil a thabhairt do thograí cánachais an Ráitis Buiséid ón 3 Nollaig 2003. Tá forálacha ann freisin atá de dhroim bhearta Buiséid agus athruithe eile sa chód cánachais. Tá 6 chuid san Acht ag clúdach Ioncam, Cáin, Cáin Chorparáide, Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla, Mál, Cáin Bhreisluacha, Dleachtanna Stampa, Cáin ar Fháltais Chaipitiúla agus Ilghnéitheach. Foilsítear Meamram Mínithe mar a ritheadh ag Dáil Éireann i gcomhar leis an Acht a sholáthraíonn míniú ar gach alt.	An Roinn Airgeadais	25.3.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 **(Uimh. 9 de 204)**	Forálann an tAcht seo do mhéaduithe i Sochar Leanaí, sa Deontas Cúraim Faoisimh, i bPinsean Sochair Báis do phinsinéirí os cionn 80 bliana d'aois agus d'fheabhsúchain i socruithe Íocaíochtaí tar éis Bháis mar a fógraíodh i Ráiteas Buiséid 2004. Forálann an tAcht freisin do 'thástáil ghnáth-áit chónaithe' a thabhairt isteach mar choinníoll ar incháilitheacht chun críocha íocaíochtaí áirithe cúnaimh shóisialaigh agus Sochair Leanaí. Sainmhíníonn an tAcht 'céile' freisin chun críocha scéimeanna riaracháin ar nós Saorthaisteal agus Liúntas Leictreachais Saor in Aisce, ag léiriú an mhínithe a bhíonn in úsáid do scéimeanna íocaíochta seachtainiúla a bhfuil foráil déanta dóibh cheana sa reachtaíocht. Foráiltear freisin do leasuithe sa reachtaíocht a rialaíonn feidhmiú ÁSPC, Ranníocaí Sláinte agus Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna i leith sochair chomhchineáil arna soláthar ag fostóirí dá bhfostaithe. Ar deireadh, forálann an tAcht do leasuithe in Achtanna na bPinsean, 1990 go dtí 2002, trí fhoráil d'fheidhmiú Threoracha ó Chomhairle an AE ar chine agus fostaíocht chun cóir chomhionann a chinntiú i nithe a bhaineann le pinsin slí beatha.	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.	25.3.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Aer Lingus, 2004 **(Uimh 10 de 2004)**	Is é cuspóir an Achta seo ná éifeacht a thabhairt don Phlean Scairúinéireachta d'Fhostaithe (ESOP) arna chomhaontú ag an Rialtas agus Ceardchumainn Aer Lingus agus chun foráil do chreat dlíthiuil chun aon phróiseas infheistíochta ón earnáil phríobháideach in Aer Lingus a éascú i gcás go dtabharfaidh an Rialtas faoi phróiseas den sórt sin. Áiríonn an tAcht freisin foráil chumasaithe do bhunú scéimeanna nua pinsin ag Aer Lingus agus do leasuithe i ndáil le ceapadh stiúrthóirí, lena n-áirítear stiúrthóirí oibrithe.	An Roinn Iompair	7.4.04
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta) 2004 **Uimh 11 de 2004**	Is cuspóir leis an Acht seo Coinbhinsiún *Montréal* a dhaingniú agus feidhm dlí a thabhairt don Choinbhinsiún in Éirinn. Is é atá i gCoinbhinsiún *Montréal* athsholáthar uasdátaithe do Choinbhinsiún Várs á 1929, chun Rialacha Áirithe a Bhaineann le hIompar idirnáisiúnta d'Aer a Aontú, dá ngairtear, mar aon le leasuithe iarmhartacha líonmhara, "Córas Várs á". Tá córas forleathan domhanda caighdeán agus rialacha curtha ar fáil le Córas Várs á le haghaidh iompair d'aer agus go háirithe comhrialacha, i leith teorainneacha dliteanais d'iompar paisinéirí, lasta agus bagáiste, i gcás damáiste, moille nó caillteanais. Tá Córas Várs á cumhdaithe cheana féin i ndlí na hÉireann, san Acht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936, arna leasú. Feabhas an-mhór is ea Coinbhinsiún *Montréal* le hais an réimis dliteanais a bunaíodh faoi Choinbhinsiún Várs á agus lena chuid ionstraimí gaolmhara, i ndáil le cearta paisinéirí, i gcás timpiste.	An Roinn Iompair	13.4.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Seirbhísi Slándála Príobháidí 2004 Uimh 12 de 2004	Is ann don Acht seo chun comhlacht a bhunú ar a dtabharfar an tÚdarás Slándála Príobháidí chun rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar phearsana aonair agus ar ghnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí slándála príobháidí. Is é a bheidh mar phríomhfheidhm ag an Údarás córas ceadúnúcháin a oibriú do sholáthróirí seirbhísí slándála d'fhonn caighdeáin laistigh den earnáil a chothabháil agus a fheabhsú. Déanfaidh an tÚdarás thairis sin clár sealbhóirí ceadúnais a bhunú agus a chothabháil, cártaí aitheantais a eisiúint do cheadúnaithe, caighdeáin a bheidh le comhlíonadh a shonrú i dtaca le seirbhísí slándála a sholáthar, cailíochtaí nó ceanglais eile a shonrú (lena n-áirítear ceanglais i dtaca le hoiliúint) chun ceadúnais a dheonú, córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán in aghaidh ceadúnaithe a bhunú agus a riar agus cabhrú leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go ginearálta i dtaca le beartas a bhaineann leis an earnáil a chomheagrú agus a fhorbairt. Foráiltear leis an Acht do bhunú boird, ar a dtabharfar An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach, chun achomhairc i gcoinne cinntí an Údaráis a éisteacht agus a chinneadh. Leagtar amach ann thairis sin na nósanna imeachta agus na rialacha a mbeidh feidhm acu i gcás ina ndéanfaidh duine a shealbhaíonn ceadúnas arna eisiúint ag údarás comhréire i mballstát AE eile seirbhís slándála a sholáthar anseo. Leis an Acht seo a thugtar éifeacht do na príomh-mholtaí atá sa Tuarascáil ón nGrúpa Comhchomhairlitheach ar an Tionscal Slándála Príobháidí a foilsíodh i mí na Nollag 1997..	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	4.5.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú) Act 2004 **Uimh 13 de 2004**	Is é is príomhchuspóir leis an Acht seo a cheadú do chomhalta aonair binse, dó don Chathaoirleach, i gcás ina mbeidh breis agus comhalta amháin ann, ordú a dhéanamh i ndáil le haon chostais arna dtabhú sular ceapadh é nó í, agus nach mbeidh cinnte cheana féin. Ní mór don chomhalta aonair, nó don Chathaoirleach, le linn dó nó di a chumhacht nó a cumhacht a fheidhmiú, féachaint d'aon tuarascáil de chuid an bhinse i ndáil lena chuid imeachtaí sa tréimhse sular ceapadh é nó í. Tá sé á shoiléiriú sa Bhille go mbeidh feidhm ag na forálacha nua maidir le binsí arna gceapadh agus le costais arna dtabhú sular ritheadh an reachtaíocht nó dá éis. Foráiltear leis an Acht thairis sin do chumhacht shainráite le haghaidh binse do lorg ordacháin ón Ard-Chúirt i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an bhinse, lena n-áirítear sin i ndáil le costais agus thairis sin do chumhacht shainráite arna dhílsiú do Chathaoirleach, a theorú do chomhaltaí eile binse (i gcás ina mbeidh breis agus aon chomhalta de bhinse ann) suí mar rannáin ar leithligh.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	5.5.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An Bille um an mBord Bia (Leasú) 2004 Uimh 14 de 2004	Foráiltear leis an Acht seo do dhíscaoileadh an Bhoird Glais agus d'aistriú a chuid foirne agus a chuid feidhmeanna don Bhord Bia, ó dháta a chinnfidh an tAire Talmhaíochta agus Bia faoi Ordú a dhéanfar faoi Chuid 2 den Acht. Is é an Bord Bia atá freagrach i láthair na huaire as bia agus deochanna na hÉireann a fhorbairt ar an margadh agus a chur chun cinn agus as táirgí gairneoireachta inchaite a chur chun cinn i dtaca lena n-onnmhairiú. Déanfaidh an Bord, ach an malgamú a bheith curtha i gcrích, freagracht a ghlacadh as táirgeadh, margú agus tomhaltas táirgí gaoirneoireachta uile a chur chun cinn agus a fhorbairt. Déanann an tAcht thairis sin an *Registration of Potato Growers and Potato Packers Act 1984** a leasú lena cheangal go ndéanfar uimhir chláraithe an tsaothróra (grower*) agus an phacálaí araon a thaispeáint ar phrátaí réamhphacáistithe a thairgfear lena ndíol.	An Roinn Talmhaíochta agus Bia	5.5.04
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004 Uimh 15 de 2004	Foráiltear leis an Acht seo do toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, do thoghcháin áitiúla agus uachtaránachta agus do reifrinn a sheoladh agus úsáid á baint as meaisíní vótála agus comhaireamh leictreonach vótaí. Foráiltear leis thairis sin do bhunú an Choimisiúin Vótála Leictreonaí ar bhonn reachtúil.	An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil	18.5.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe) (Leasú) 2004 4 Uimh 16 de 2004	Leis an Acht seo a dhéantar na socruithe i dTithe an Oireachtais a éascú i gcás imthosca a theacht chun cinn inar gá do na Tithe a bhreithniú an gá Breitheamh a chur as oifig faoi Airteagal 35.4 den Bhunreacht. Ainneoin go gceadaítear an próiseas sin leis an mBunreacht ní dhearnadh socruithe a shuíomh riamh agus bhí gá le soiléireacht. Tá alt nua curtha isteach in Acht 1997 a bhfuil an t-ainm céanna air d'fhonn aon deacrachtaí a shárú. Ceadófar leis sin breitheamh a bheartaítear a chur as oifig a ghairm le teacht os comhair Coiste de chuid an Oireachtais.	An Roinn Airgeadais	2.6.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí (Leasú) 2004 Uimh 17 de 2004	Dhá chuspóir atá ag an Acht seo. Sa chéad áit, cinntíonn sé maidir le haon duine a dhéanann doiciméid a sheoladh chuig coiste de Thithe an Oireachtais nó a sheoladh chuige a bhféadfadh pornagrafaíocht leanaí a bheith ar áireamh iontu, nach mbeidh sé nó sí i mbaol cion coiriúil a dhéanamh is cion de shárú ar an Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Is gá cosaint mar sin i gcás ina gceanglaítear ar dhuine déanamh de réir treorach ó choiste aon doiciméid shonraithe a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh a sheoladh chuig an gcoiste nó a thabhairt ar a aird. Sa dara háit, is cion é faoin Acht pornagrafaíocht leanaí a shealbhú, a chlóbhualadh, a fhoilsiú nó a thaispeáint. Níl aon díolúine ann, áfach, maidir le comhaltaí den Oireachtas a d'fhéadfadh teacht chun seilbh a bheith acu etc ar phornagrafaíocht leanaí mar thoradh ar a gcuid feidhmeanna cuí a chomhlíonadh. Cinntíonn Acht 2004 maidir le haon chomhalta den Oireachtas, státseirbhíseach nó comhairleoir a tháinig chun seilbh a bheith aige nó aici ar phornagrafaíocht leanaí, nó a rinne pornagrafaíocht leanaí a dháileadh, a chlóbhualadh, a fhoilsiú nó a thaispeáint, le linn dó nó di a chuid feidhmeanna dlisteanacha nó a cuid feidhmeanna dlisteanacha a chomhlíonadh i dtaca le fianaise a bhailiú le linn imscrúdú ar aon ní a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí, nó i dtaca le cuidiú le haon imscrúdú den sórt sin, nach ndéanfadh sé nó sí cion coiriúil.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	2.6.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2004 **Uimh 18 de 2004**	Ritheadh an tAcht seo chun Alt 40 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 a leasú, d'fhonn aon léiriú a neamhniú is léiriú a dhéanfadh, tríd an bhfocal "taispeáint" a áireamh, "ceart taispeántais phoiblí" Faoi Acht 2000, tugtar cearta áirithe do shealbhóir cóipchirt, amhail ceart dáiliúcháin agus ceart atairgthe. Sa chás go n-áireofaí "ceart taispeántais phoiblí" d'fhéadfadh úinéir an chóipchirt ar bhunsaothar, fhuaimthaifeadadh nó scannán liteartha, drámatúil, ceoil nó ealaíne taispeáint an tsaothair a chosc in áitreabh nó in áit eile a mbeidh rochtain ag daoine den phobal air nó uirthi. Tá an leasú ar Alt 40 d'Acht 2000 ann ar mhaithe le hamhras a sheachaint, d'fhonn a shoiléiriú nach raibh aon intinn ann, le linn Acht 2000 a dhréachtadh, "taispeántas poiblí" a chruthú.	An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta	3.6.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Sláinte (Leasú) 2004 Uimh 19 de 2004	Foráiltear leis an Acht seo do dheireadh a chur le comhaltas na mbord sláinte arna mbunú faoin Acht Sláinte, 1970, Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir/(ERHA) agus leis na boird sláinte limistéar arna bunú faoin Acht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir) 1999. Foráiltear leis thairis sin do dheireadh a chur leis an idirdhealú idir páipéir fhorchoimeádta agus páipéir fheidhmiúcháin agus sannann sé feidhmeanna forchoimeádta na gcomhlachtaí sin don phríomh-oifigeach feidhmiúcháin nó, in imthosca áirithe, don Aire. Leasaíonn sé an reachtaíocht atá ann cheana féin maidir le diúscairt maoine ag na boird sláinte agus ag ÚSRO tríd an ngá le toiliú an Aire a thabhairt isteach arís sula ndéantar an mhaoin a fháil agus a dhiúscairt. Leasaíonn an tAcht thairis sin an tAcht Rialtais Áitiúil 2001/ the Local Governments Act, 2001 trí na boird sláinte, ÚSRO agus na boird sláinte réigiúin a scriosadh ón míniú ar 'comhlachtaí nasctha'san Acht sin.	An Roinn Sláinte & Leanaí	8.6.04
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú), 2004 Uimh. 20 de 2004.	Tugann an tAcht seo éifeacht do cheanglais Chreat-Chinneadh an 13 Meitheamh 2002 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Forálann sé do bhunú foirne comh-imscrúduithe le toiliú frithpháirteach na mBallstát chun críche shainiúil agus ar feadh tréimhse teoranta. Déanfaidh na foirne imscrúduithe coiriúla le gné tras-teorann i gceann nó níos mó de na Ballstáit a bhunaíonn an fhoireann. Mar thoradh ar an Acht seo beidh comhoibriú feabhsaithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh chun coireacht a chomhrac, go háirithe coireanna tromchúiseacha mar sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhrugaí, calaois agus coireacht eagraithe tríd is tríd.	An Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.	30.6.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004. **Uimh. 21 de 2004**	Comhlánaíonn an tAcht seo Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003. Forálann sé do: • Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais a bhunú, chun déileáil le gearáin ó thomhaltóirí faoi fhorais airgeadais • Painéil Chomhchomhairleacha Tomhaltóra agus Tionscail a bhunú chun comhairle a thabhairt don Údarás Rialála • Oibleagáidí nua tuairiscithe agus iniúchta d'fhorais airgeadais • Cumhacht don Údarás Rialála smachtbhannaí a fhorchur go díreach ar fhorais airgeadais a mhainníonn na ceanglais rialála a chomhlíonadh, faoi réir ag ceart achomharc a dhéanamh chuig Binse Achomharc Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann • Ceart achomhairc chuig an mBinse Achomharc i ndáil le cinntí maoirseachta áirithe de chuid an Údaráis • Ceanglais rialála nua do tharchur airgid agus do ghnó *bureau de change* • Leasuithe ilghnéitheacha eile ar an reachtaíocht seirbhísí airgeadais.	An Roinn Airgeadais	5.7.04
Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004 **Uimh. 22 de 2004.**	Is é cuspóir an Achta, i bhfianaise chinntí Cúirte, ná chun soiléireacht a thabhairt ar an deighilt freagrachtaí faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta idir an tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta agus an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chun nósanna imeachta athbhreithnithe a leagan amach lena gceadófaí oibreacha a dhéanann difear do shéadchomharthaí náisiúnta in imthosca áirithe, faoi réir ag cosaintí riachtanacha agus, freisin, chun foráil do chosaint chuí a thabhairt don oidhreacht sheandálaíochta ar feadh bhealaí fhorbairtí ceadaithe bóithre lena n-áirítear cuid bhealach an Oirdheiscirt den M50.	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	18.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Chomisiúin Imscrúdúcháin, 2004 Uimh. 23 de 2004	Soláthraíonn an tAcht seo sásra chun coimisiúin a bhunú, ó am go ham, chun imscrúdú a dhéanamh ar nithe ar cás suntasach leis an bpobal iad agus tuarascáil a thabhairt ar na nithe sin. Tá sé sa ann bhreis ar na sásraí atá cheana ann ar nós Binsí Fiosrúcháin. Is próiseas imscrúdúcháin príobháideach go príomha a bheidh in imscrúdú ag coimisiún a bheidh deartha chun comhoibriú a spreagadh le gur lú is dóichí go mbeadh gá le huiríolla dlí tríd an cur chuige codarsna a bhaineann le Cúirteanna agus Binsí a laghdú. Beidh ar aon choimisiúin a bhunaítear chun imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo a bheith tráthúil agus costas-éifeachtach.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	18.7.04
An tAcht um Chomhionannas, 2004 Uimh. 24 de 2004	Leasaíonn an tAcht seo an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus an tAcht um Stádas Comhionann 2000. Aistríonn an tAcht trí Threoir Chomhionannais ón AE isteach i ndlí na hÉireann: An Treoir Cine (2000/43/CE lena gcuirtear i ngníomh an prionsabal um chóir chomhionann idir daoine gan spleáchas ar a mbunús cine ná a mbunús eitneach), an Treoir um Chreat Fostaíochta (2000/78/CE ag bunú creat ginearálta do chóir chomhionann maidir le fostaíocht) agus an Treoir um Chóir Chomhionann Inscne i bhFostaíocht (2002/73/CE ag leasú Threoir 76/207/CEE ón gComhairle maidir le cur i ngníomh phrionsabal na córa comhionainne do mhná agus d'fhir i dtaca le rochtain ar fhostaíocht, oiliúint ghairmiúil agus ardú céime, agus coinníollacha oibre). Glacadh an deis freisin san Acht roinnt leasuithe nósanna imeachta a dhéanamh ar an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus ar an Acht um Stádas Comhionann, 2000.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	19.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2004 Uimh. 25 de 2004	Ardaíonn sé seo teorainn d'fháil iasachta reachtúil an BSL ó ÉIR£1.6 billiún (€2.03 billiún) go dtí €6 billiún. B'éigean an seanteorainn, nár athraíodh le 22 bliain, a athbhreithniú suas chun fónamh do riachtanais mhéadaithe iasachta an BSL chun a chlár forleathan caiteachais chaipitil a mhaoiniú.	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	19.7.04
An tAcht um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (Leasú), 2004 Uimh. 26 de 2004.	Forálann an tAcht seo do €50,000,000 a íoc leis an Tríú Athlánú Déag den Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (IDA 13). Is é an Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta, IDA, fuinneog iasachta lamháltais Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda. Soláthraíonn sé iasachtaí fadtéarmacha ag ús de náid do na tíortha is boichte atá i mbéal forbartha. Is é misean an IDA ná tacú le cláir éifeachtacha agus éifeachtúla chun bochtaine a laghdú agus caighdeán saoil na mballtíortha is boichte a fheabhsú. Faigheann an IDA a acmhainní go príomha ó athlánuithe tréimhsiúla ar deontais iad, go bunúsach, a sholáthraíonn na balltíortha is saibhre agus roinnt dá bhaill eile. Bítear ag súil go ndéanann Éire, mar chomhalta den IDA, ranníoc i dtreo athlánuithe tréimhsiúla. Déantar ranníocaí na hÉireann chuig an IDA a chuntasú mar chuid de Chlár Cúnaimh um Fhorbairt Thar Lear na hÉireann.	An Roinn Airgeadais	20.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 Uimh. 27 de 2004	Forálann an tAcht seo do mhórleasú ar an dlí um thiarnaí talún agus tionóntaí. Is croí-mhír é an tAcht nua de chlár foriomlán an Rialtais chun leasú agus forbairt ar an earnáil cíosa phríobháidigh a chur chun cinn bunaithe ar thuarascáil an Choimisiúin ar an Earnáil Chónaithe Cíosa Príobháidigh. Bhí moltaí an Choimisiúin do leasuithe fioscacha na hearnála ar ghlac an Rialtas leo curtha i bhfeidhm cheana in Achtanna Airgeadais 2001 agus 2002. Tiocfaidh cuid mhór den Acht i mbun oibríochta an 1 Meán Fómhair 2003 lena n-áirítear: feabhas ar ráthaíocht tionachta trí chóras de thimthriallacha tionachta 4 bliana; nósanna imeachta nua maidir le foirceannadh tionachta, lena n-áirítear tréimhsí fógra níos faide cónasctha le fad na tionachta; Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) reachtúil a bhunú; córas nua cláraithe tionachta leis an PRTB; séanadh deonach ar an gceart ar léasanna cothromais áitithe fada; pionóis níos airde do chionta a bhaineann le caighdeáin agus clárú cóiríochta cíosa phríobháidigh; cumhachtanna na n-údarás áitiúil a leathnú chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta. Tiocfaidh forálacha san Acht do sheirbhís nua réiteach díospóidí trí an PRTB seachas trí na cúirteanna, ina mbíonn eadrán nó breithniú agus éisteachtaí binse tionachta, i mbun oibríochta níos deireanaí i mbliana, faoi mar a thiocfaidh na forálacha a bhaineann leis an bpróiseas réitigh díospóidí. Áirítear orthu sin forálacha a leagann amach go soiléir oibleagáidí tionachta reachtúla na dtiarnaí talún agus na dtionóntaí agus a fhorálann nach mbeidh na tiarnaí talún i dteideal cíos níos mó a lorg ná ráta an mhargaidh agus nach féidir athbhreithnithe cíosa (cibé suas nó síos) tarlú níos mó ná uair amháin sa bhliain mura mbíonn údar maith leis de bharr athrú substaintiúil sa chóiríocht. Beidh an tAcht i bhfeidhm go hiomlán roimh dheireadh 2004. Áireofar ar ról an PRTB, chomh maith le seirbhís réiteach díospóide le fóirdheontas ón Stát a sholáthar do thionóntaí earnála príobháidí agus do thiarnaí talún cláraithe agus oibriú an chórais nua cláraithe tionóntachta, réimse feidhmeanna faireacháin, taighde, faisnéise agus comhairle beartais i ndáil leis an earnáil chíosa		

This document sets out all Laws that have been enacted during the lifetime of the current Government

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú), 2004 **Uimh, 28 de 2004**	Leasaíonn an tAcht seo an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 chun éifeacht a thabhairt do mholtaí an Ghrúpa Oibre ar Athbhreithniú ar Fheabhsú na Reachtaíochta um Chosaint Mháithreachais nach raibh fós curtha i bhfeidhm. Cuireadh na moltaí chun na tréimhsí saoire máithreachais a mhéadú i bhfeidhm i Márta, 2001, go luath tar éis don Ghrúpa Oibre a chuid pléití a thabhairt chun críche. Forálann an tAcht do na nithe seo a leanas: laghdú sa tréimhse éigeantach réamhluí seoil den tsaoire mháithreachais ó 4 seachtaine go dtí 2 sheachtain; féadfaidh mná torracha freastal ar ranganna réamhbhreithe gan aon phá a chailleadh, ceart ag aithreacha ar am saor íoctha chun freastal ar dhá rang réamhbhreithe; na huaire oibre nó brisí a choigeartú do mháithreacha a bhíonn ag cothú ar an gcíoch; foirceannadh saoire mháithreachais bhreise i gcás breoiteachta, faoi réir ag comhaontú leis an bhfostóir, agus go gcomhairfeadh neamhláithreacht ón obair ar shaoire mhaithreachais bhreise do chearta fostaíochta (ach amháin sochair luach saothair agus aoisliúntais), ar nós sinsearacht agus saoire bhliantúil.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	20.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Shlándáil Mhuirí 2004, Uimh. 29 de 2004	Tugann an tAcht seo éifeacht do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun cosc a chur le gníomhartha neamhdhleathacha in aghaidh shábháilteacht na loingseoireachta muirí (1988) agus don Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin chun cosc a chur le gníomhartha neamhdhleathacha in aghaidh sábháilteachta ardán fosaidh ar an Scairbh Ilchríochach (1988). Cruthaíonn sé cionta sainiúla in aghaidh shábháilteacht longa na hÉireann agus longa eile a bhíonn in uiscí teorann na hÉireann agus in aghaidh ardáin fosaidh ar an Scairbh Ilchríochach (faoi réir ag príosúnacht saoil ar chiontú ar díotáil). Forálann sé ina dhiaidh sin, ar línte caighdeánacha, do dhlínse sheach-chríochach chun cionta a dhéantar lasmuigh den Stát i sárú an Choinbhinsiúin nó an Phrótacail a chlúdach; do ghabháil agus coinneáil ciontóirí líomhnaithe agus iad a thabhairt ar láimh do na húdaráis chuí; d'eiseachadadh; do bhannaí; do chontúirt dhúbailte a sheachaint agus do nithe riachtanacha eile.	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	20.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 Uimh. 30 de 2004	Forálann an tAcht seo d'oideachas leanaí faoi 18 a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bunaíonn an tAcht creat nua chun leanaí a bhfuil riachtanais den sórt sin acu a mheasúnú agus soláthar a dhéanamh dóibh. Tagraíonn riachtanas speisialta oideachais do dhuine a bhfuil inniúlacht theoranta aige nó aici le bheith rannpháirteach san oideachas, agus sochar a bhaint as, mar gheall ar mhíchumas fisiceach, céadfaíoch, meabhar-shláinte nó foghlama. Cuirfear oideachas ar leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici i suíomh uilechuimsitheach, murar amhlaidh nach bhfuil sin chun leasa an linbh nó go bhfuil cúiseanna an-mhaithe ann nach mbeadh sé praiticiúil sin a dhéanamh. Leagann an tAcht amach raon seirbhísí a chaithfear a sholáthar, lena n-áirítear measúnuithe, pleananna oideachais agus seirbhísí tacaíochta. Tá gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici i dteideal Plean Oideachais Aonair (IEP), arna ullmhú ag gairmigh chuí. Glacfaidh ullmhú IEP agus measúnuithe cur chuige iomlánaíoch ag díriú ar an leanbh go hiomlán. Leagfaidh an IEP amach riachtanais speisialta an linbh, an t-oideachas speisialta agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara atá le soláthar dó nó di agus na spriocanna atá le baint amach ag an leanbh in imeacht tréimhse nach faide ná 12 mhí. Beidh an IEP faoi réir ag athbhreithniú rialta agus leasú. Tá ról lárnach ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na cinntí tábhachtacha a bhaineann le hoideachas a linbh agus ráthaíonn an tAcht an ceart do thuismitheoirí a bheith páirteach i measúnú a leanaí. Forálann an tAcht freisin do phróiseas achomhairc lenar féidir le leanaí cinntí tábhachtacha maidir le hoideachas a leanaí a chur ar aghaidh chuig bord athbhreithnithe neamhspleách. Beidh an chumhacht ag an mbord a chur faoi deara do chomhlachtaí (lena n-áirítear Boird Sláinte) gníomhartha sainiúla a dhéanamh chun dul i ngleic le nithe atá os a chomhair, agus ar an tsli sin ag tabhairt bealach tapa, saor agus éifeachtach do thuismitheoirí oideachas do riachtanais a leanaí a chinntiú. Chomh maith leis sin, bunaíonn an tAcht an Chomhairle Náisiúnta	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	20.7.04

This document sets out all Laws that have been enacted during the lifetime of the current Government

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 **Uimh. 31 de 2004**	Is é príomhchuspóir an dlí nua seo ná chun athruithe nua a thabhairt isteach sa dlí ar dhliteanas sibhialta. Leasaíonn an dlí an tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991 tríd an tréimhse teorann do chaingne díobhála pearsanta a laghdú go dtí dhá bhliain. Tugann sé isteach pionóis nua d'éilimh chalaoiseacha nó d'éilimh áibhéileacha agus forálann d'athruithe móra nósanna imeachta i gcaingne díobhálacha pearsanta chun an t-achar a thógann sé caingne den sórt sin a phróiseáil, agus an costas a bhíonn i gceist, a laghdú. Chomh maith leis sin leasaíonn sé an riail maidir le cúirt iata, forálann d'athruithe móra nósanna imeachta i gcaingne díobhálacha pearsanta, chun an t-achar a ghlacann caingne den sórt sin a phróiseáil, agus an costas a bhaineann leo, a laghdú. Forálann an dlí freisin do chuid de chistí agróirí atá dílsithe do Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a dhiúscairt agus déanann socrú i ndáil le dlínse na Cúirte Cuarda in imeachtaí a bhaineann le talamh. Tabhair ar aird go bhfuil formhór na bhforálacha sa dlí seo faoi réir ag orduithe thosach feidhme.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	22.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht um Aerfoirt Stáit, 2004 **Uimh. 32 de 2004**	Is é cuspóir an Achta um Aerfoirt Stáit ná an bunús reachtaíochta is gá a sholáthar chun Aer Rianta a athstruchtúrú agus chun Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Chorcaí agus Aerfort na Sionna a bhunú mar udaráis neamhspleácha faoi úinéireacht an Stáit. Forálann an tAcht do mhandáid Aer Rianta a athrú le hordú Aireachta nuair a cheapfar Bord nua agus go n-athainmneofar Aer Rianta mar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Forálann an tAcht freisin do dhá chuideachta nua faoi úinéireacht Stáit a bhunú, eadhon, Údarás Aerfort Chorcaí cpt agus Údarás Aerfort na Sionna cpt. Aistreoidh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath sócmhainní Aerfort Chorcaí agus sócmhainní Aerfort na Sionna chuig an 2 chuideachta nua seo faoi réir ag coinníollacha sonraithe san Acht a bheith comhlíonta. Chomh maith leis sin leasaíonn an tAcht an tAcht um Rialáil Eitlíochta, 2001 chun socrú a dhéanamh gur d'Aerfort Bhaile Átha Cliath amháin a bheidh freagrachtaí rialála praghsanna, amach anseo, ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta. Beidh siad sin bunaithe ar an gcreat athstruchtúraithe a chruthaítear leis an Acht agus léireoidh siad feidhmeanna modhnaithe Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, beidh réimse freagrachta athbhreithnithe ag an gCoimisiún ag cur a fhreagrachtaí nua san áireamh. Forálann an tAcht freisin do leasú na nAchtanna Aerloingseoireachta agus Aeriompair 1936 go 1998 agus an Achta Aerphoirt Neamhchustam 1946.	An Roinn Iompair	22.7.04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An Bille fán Údarás um Thástáil agus Uimh. 33 de 2004	Déanann an tAcht seo 2004 achóiriú ar ar na próisis earcaíochta laistigh den Státseirbhís agus laistigh de chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile faoina réimse freagrachta. Is mórphíosa reachtaíochta an tAcht a chuirfidh ar chumas Ranna agus Oifigí Státseirbhíse foireann a earcú go díreach. Cuirfidh sé níos mó solúbthachta ar fáil agus cuirfidh ar chumas Ranna agus Oifigí a n-eagraíochtaí a bhainistiú níos éifeachtaí. Forálann an tAcht (i measc nithe eile) do dhíscaoileadh Choimisiún na Státseirbhíse agus an Choimisiúin um Cheapacháin Áitiúla (CSLAC) agus forálann do 2 chomhlacht nua a bhunú: an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) agus na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Tá bunú na gCoimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) mar chomhartha do thús ré nua in earcaíocht seirbhíse poiblí tríd an rogha a thabhairt do Ranna agus Oifigí Státseirbhíse a bheith ceadúnaithe chun foireann a earcú. Beith an ról tábhachtach ag an gCoimisiún nua faoin Acht earcaíocht a rialú agus a chinntiú go gcoimeádtar caighdeáin arda cuibhis sa chóras. Gníomhóidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), a bunaíodh freisin faoin Acht, mar chomhlacht lárnaithe earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin do Ranna Rialtais agus do chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile atá faoina réimse freagrachta.	An Roinn Airgeadais	6/10/04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An Bille um Cheartas Coiriúil 2004 Uimh. 34 de 2004	Is é príomhchuspóir an Achta Deochanna Meisciúla 2004 ná chun an tAcht Deochanna Meisciúla 1988 a leasú chun bunús soiléir reachtúil a sholáthar chun imeachtaí saor ó dheochanna meisciúla a thionól do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois in áitreabh ceadúnaithe (m.sh. club oíche), nó i gcuid d'áitreabh ceadúnaithe (m.sh. seomra ócáide in óstán), ag tráth nach mbíonn deochanna meisciúla á ndíol, á soláthar nó á n-ól ann agus go mbíonn rochtain fhisiciúil ar dheochanna meisciúla faoi chosc daingean. Forálann an tAcht freisin go ndéanfar an teorainn 9.00 p.m. do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois a bheith i mbeár áitreabh ceadúnaithe a fhadú go dtí 10.00 p.m. i rith na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí 30 Meán Fómhair.	An Roinn Dlí agus Cirt	15/10/04
An Bille Talún 2004 [Seanad] Uimh. 35 de 2004	Cumasaíonn Acht 1996 an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ceadúnais a dheonú do dhumpáil áirithe ar farraige. Cumhachtaíonn sé na cúirteanna freisin chun pionós airgeadaíochta agus/nó príosúnacht a ghearradh ar dhumpáil mhídhleathach. Daingníonn an tAcht nua seo (2004) cleachtais chun oidhreacht agus comhchomhairle phoiblí a chosaint. Ceanglaíonn sé freisin go mbeadh Clár na gCeadúnas foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	3/11/04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An Bille um Fhorfheidhmiú Orduithe Cúirte 2004 [BCP] Uimh. 36 de 2004	Comhlíonann an tAcht seo gealltanas sonrach do Chumann Ionadaíochta Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach (PDFORRA) i ndáil le hoifig reachtúil nua Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann a bhunú ag an Rialtas. Feabhsóidh sé go mór na socruithe reatha do shásamh atá comhaontaithe leis na cumainn ionadaitheacha. Cuirfidh Oifig nua an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann comhlacht reachtúil neamhspleách ar fáil lena bhféadfaidh daoine a gcuid gearán a chur chun cinn má bhíonn siad míshásta leis an bhfreagra a fhaigheann siad ó na húdaráis mhíleata maidir le gearán foirmiúil faoi fhorálacha an Achta Cosanta maidir le "sásamh in éagóra". Feidhmeoidh an tOmbudsman mar einteatas iomlán neamhspleách. Soláthraíonn an tAcht cumhachtaí reachtúla soiléire agus beachta d'fhiosrúchán agus d'imscrúdú neamhspleách, atá múnlaithe go dlúth ar an reachtaíocht bhunaidh Ombudsman de 1980, ach a léiríonn an timpeallacht mhíleata. Forálann an tAcht d'fheidhmeanna imscrúdaitheacha an Ombudsman, leagann mach na nósanna imeachta ginearálta chun gearáin a dhéanamh chuig an Ombudsman a rialú, agus tugann tuairisc ar nádúr na nithe sin is féidir le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a a tharchur chuig an Ombudsman lena n-imscrúdú agus a gcinneadh ag an Ombudsman.	An Roinn Cosanta	10/11/04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
Bille Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2004 Uimh. 37 de 2004	Soláthraíonn an tAcht nua seo an creat dlíthiúil do chomhaltas na hÉireann i mBanc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Forálann an tAcht freisin do na híocaíochtaí riachtanacha i dtreo chostas chomhaltas na hÉireann sa Bhanc. Is é Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa an foras airgeadais idirnáisiúnta is sine san Eoraip agus is é an t-aon cheann é a bhfuil réimse freagrachta aige atá go hiomlán sóisialta. Deonaíonn an Banc iasachtaí agus ráthaíochtaí dá bhallstáit, d'údaráis áitiúla agus d'fhorais airgeadais chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail sóisialta i réimsí atá sainmhínithe go soiléir, a bhaineann den chuid is mó le dídeanaithe agus imircigh, tubaistí nádúrtha nó éiceolaíocha, agus feabhsúchán ar chomhchuibheas sóisialta trí thacaíochtaí poist d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna), gairmoideachas, tithíocht shóisialta, sláinte agus oideachas. Maoiníonn an Banc a ghníomhaíochtaí trí chistí a bhailítear ar na margaí airgeadais idirnáisiúnta, bunaithe ar ranníocaí na mballstát chuig caipeatal an bhainc. Is é an Banc ionstraim airgeadais an pholasaí dlúthpháirtíochta atá forbartha ag Comhairle na hEorpa. Is léiriú luachmhar é comhaltas na hÉireann dá bhrí sin dár dtiomantas don dlúthpháirtíocht sin agus do chomhchuibheas sóisialta san Eoraip i gcoitinne.	An Roinn Airgeadais	27/11/04

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 2004 Acht **Uimh. 38 de 2004**	Tar éis an reifrinn a bhí ann i mí an Mheithimh 2004, leagtar amach creat san Acht seo faoina bhféadfar teideal daoine a bheirtear in oileán na hÉireann do thuismitheoir neamhnáisiúnach ar shaoránacht Éireannach a chinneadh. Foráiltear leis an Acht nach mbeidh leanbh a bheirtear ar oileán na hÉireann do thuismitheoirí, nach Éireannach ceachtar acu, i dteideal bheith ina shaoránach nó ina saoránach Éireannach mura rud é go raibh duine de na tuismitheoirí ina gcónaí go dleathach in oileán na hÉireann ar feadh 3 de na 4 bliana díreach roimh an bhreith.	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	15/12/2004
An tAcht um an mBinse Fiosrúcháin maidir le Cúrsí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí 2004 **Uimh. 39 of 2004**	Tugtar tacú leis an Acht seo don rogha a thugtar don Bhinse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí ina Théarmaí Tagartha leasaithe chun a chinneadh cén saincheisteanna ba chóir dó a imscrúdú, mar a cheadaigh dhá Theach an Oireachtais ar an 17 Samhain, 2004.	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	15/12/2004

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Leighreasa 2004 **Uimh. 40 de 2004**	Seo dlí bliantúil a thugann údarás reachtúil do na méideanna a ndearna Dáil Éireann vótáil orthu i rith na bliana sna meastacháin bhunaidh, bhreise agus fhorlíontacha. Ritheann an Dáil é nuair a bhíonn measúnú ar na Meastacháin Roinne go léir (lena n-áirítear Meastacháin Fhorlíontacha) curtha i gcrích. De ghnáth, is í seo an chuid dheiridh de ghnó reachtach na bliana. Foráiltear freisin le hAcht 2004 an caipiteal a thabharfar ar aghaidh ón mbliain 2004 go dtí 2005. I mBuiséad na bliana 2004 tugadh isteach creat infheistíochta chaipitiúil ilbhliantúil 5-bliana. I measc nithe eile, foráiltear leis an gcreat go bhféadfaí caipiteal a sábháladh i mbliain amháin suas go dtí uasmhéid 10 faoin gcéad den leithroinnt a vótáladh a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile. Tugadh isteach an t-údarás reachtúil chun é seo a dhéanamh leis an Acht Airgeadais 2004 agus sonraíodh ansin go ndéanfaí na méideanna a áireamh (le vóta) san Acht Leithreasa bliantúil. Tá foráil theicniúil ar áireamh san Acht chun an sprioc deireadh bliana chun na Rúin Airgeadais a rith oíche an Bhuiséid a chur siar. Tá sé seo ar áireamh gach bliain ó aistríodh an Buiséad ó mhí Eanáir go mí na Nollag.	An Roinn Airgeadais	17/12/2004

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Leasa Shóisialaigh 2004 Acht **Uimh: 41 de 2004**	Déantar foráil leis an Acht Leasa Shóisialaigh 2004 do mhéaduithe ar na rátaí árachais shóisialaigh agus íocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh agus feabhsuithe sa scéim Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh. Déantar foráil freisin do mhéadú ó 70% go 75% ar an gcéatadán den tuilleamh seachtainiúil ináirithe dá dtagraítear le linn ráta Sochair Máithreachais agus Sochair Uchtála a ríomh. Déantar foráil leis an Acht freisin do mhéadú ar an uasteorainn tuillimh/ioncaim nach mbeidh ranníocaí A.S.P.C. iníoctha de bharr uirthi ag ranníocóirí fostaithe nó roghnacha, mar a fógraíodh sa Bhuiséad. Tá athruithe ar an Acht um Ranníocaí Sláinte 1979 san Acht seo freisin a cheadóidh méaduithe ar na tairseacha bhliantúla agus seachtainúil don Tobhach Ranníoca Sláinte.	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	17/12/2004
An tAcht Sláinte 2004 Acht **Uimh. 42 de 2004**	Déantar foráil leis an Acht seo chun struchtúir bhainistíochta na seirbhíse sláinte a leasú, trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) a bhunú a bheidh freagrach as an tseirbhís sláinte a bhainistiú mar eintiteas náisiúnta amháin. Glacfaidh an Fheidhmeannacht freagracht as na feidhmeanna atá á gcomhlíonadh ag Údarás Réigiúnach Sláinte an Oirthir agus na boird sláinte agus comhlachtaí sonraithe eile, a ndéanfar iad go léir a dhíscaoileadh ar bhunú na Feidhmeannachta. Daingneoidh an tAcht na socruithe le haghaidh rialú agus cuntasacht sa chóras sláinte. Déantar foráil leis chun struchtúir a bhunú lena n-éascófar páirteachas ionadaithe poiblí agus úsáideoirí na seirbhíse i nithe a bhaineann le seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta. Déantar foráil leis an Acht freisin chun creat reachtúil um ghearáin a bhunú.	An Roinn Sláinte agus Leanaí	17/12/2004

Ainm na Reachtaíochta Nua agus a hUimhir	Cad a dhéanann an dlí seo?	Roinn Teagmhála	Sínithe ag an Uachtarán an
An tAcht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 Achoimre Acht **Uimh. 43 de 2004**	Leathnaítear leis an Acht seo an rialú ar theaghais agus talamh áirithe a athdhíol. Déantar foráil d'údarás áitiúil/pleanála muirear aisghabhála a chur ar thithe incheannaithe a dhíoltar faoi Chuid 2 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 nó ar thithe agus ar thalamh a sholáthraítear faoi Chuid V den na hAchtanna Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2002 nó bearta frithbhrabúsaíochta a ghlacadh ina leith. Dá bhrí sin, ceadóidh sé d'fhorais phríobháideacha airgeadais rochtain a fháil ar mhargadh na dtithe incheannaithe agus díol thithe incheannaithe do dhaoine a bheidh ina theideal sin a bheidh ainmnithe ag an údarás áitiúil a éascú.	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	21/12/2004